# Plean Ceachta 1 - Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha
# Treodóireacht

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

## Teanga na Bunscoile

Snáithe: Teanga ó Bhéal Gné: Tuiscint:

TF4- Struchtúr abairte agus gramadach: Fócas Teanga - Abairtí bunúsacha a rá/a úsáid m.sh Tá mé ag rith, Is capall é, Is béar é,
TF6 – Léiriú Tuisceana Fócas Teanga – Treoracha a leanúint m.sh Siúlaigí timpeall an halla.
TF 8- Catagóiriú: Fócas Teanga - Na dathanna agus na hainmhithe a ainmniú m.sh béar, capall, cearc - Is béar é.

Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua is mian leat a chleachtadh agus a mhúineadh a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn ghnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí treodóireachta

## Curaclam Corpoideachais

Snáithe:
Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta

Snáithaonad: Treodóireacht
Cuspóirí Curaclaim: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:
· achair den halla, den pháirc imeartha nó de chlós na scoile a aithint
Snáithaonad: Siúl
Cuspóirí Curaclaim: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:
· ní a aimsiú in achar teoranta de chlós na scoile tar éis leideanna simplí a bheith tugtha

Ionad
Seomra Ranga ag tús agus deireadh an cheachta
Halla nó Clós na Scoile le linn an cheachta

Trealamh
Cur i láthair PowerPoint do cheacht 1, teilifís chliste/osteiligeoir le callairí (speakers), Comhartha - trí XXX móra (barr an tseomra a mharcáil), Cúig chón, 15 chrián ceangailte le sreangáin (cúig dhath - trí cinn de gach dath) (Is féidir iad a dhúbailt más gá), Cártaí rialúcháin - ceann amháin do gach páiste agus a n-ainmneacha scríofa orthu - Príomhchárta rialúcháin an mhúinteora, Cúig phictiúr lannaithe d'ainmhithe.

Tagairtí
- Curaclam na Bunscoile 1999 Corpoideachas (Lch 23)
- Corpoideachas: Treoirlínte do Mhúinteoirí 1999 (Lch 91)
- Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum 2019
- Tionscnamh Spóirt i mBunscoileanna (PSSI) 1999 https://pssi.pdst.ie/

## Measúnu agus aiseolas le linn an cheachta

- Breathnóireacht an Mhúinteora: Siúil timpeall an ranga le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.
- Ceistiú Éifeachtach: Bain úsáid as na moltaí thíos (féach teanga an mhúinteora) chun na daltaí a cheistiú, tuiscint a chinntiú agus iad a chur i mbun cumarsáide.
- Aiseolas ceartaitheach: Bainfidh na daltaí úsáid as Gaeilge agus Béarla le linn an cheachta. Tá úsáid an Bhéarla nádúrtha, ach le tacú le teanga na ndaltaí a fhorbairt bain úsáid as leideanna, athrá agus múnlóireacht chun na daltaí a chur i dtreo na Gaeilge. Tuilleadh sonraí ar fáil anseo: https://curriculumonline.ie/getmedia/b5f93d3c-4db7-474b-9dc1-63952d987716/Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf
- Féinmheasúnú: Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.
- Dialann an mhúinteora: Coinnigh nótaí den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.

Féinmheasúnú an Mhúinteora:
D'fhéadfá nótaí a choinneail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó an chorpoideachais de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta.

### Nótaí an Mhúinteora

Plean Ceachta 1

Treodóireacht

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

| Teanga an Mhúinteora (Réamh-mhúineadh) | Teanga an Mhúinteor (Le linn na Gníomhaíochtaí) | Teanga na nDaltaí |
|---|---|---|
| Tasc 2: Múin na dathanna (Féach Sleamhnáin 4-16)<br>Cén dath é seo?<br>Dearg/Gorm/Buí/Glas/Oráiste atá ann.<br>Imreoimid cluiche<br>Dúnaigí na súile.<br>Osclaígí na súile<br>Cén dath a thóg mé?<br>Déarfaimid dán le chéile. Arís! Ar fheabhas!<br><br>Tasc 3: Múin na hainmhithe (Féach Sleamhnáin 19-33)<br>Cad é? Is béar é, Is cearc í srl.<br>Imreoimid cluiche<br>Dúnaigí na súile.<br>Osclaígí na súile<br>Cad a thóg mé?<br>Déarfaimid an dán le chéile. Arís! Ar fheabhas!<br><br>Tasc 4: Múin 'barr' agus 'bun' (Féach Sleamhnáin 34)<br>Seo barr/bun an tseomra<br>Seo barr/bun an dorais<br>Seo barr/bun an bhuidéil<br>Seo barr/bun an halla<br>Taispeáin dom barr an .... | Anois rachaimid go dtí an halla chun cluichí treodóireachta a imirt!<br>Seo barr an tseomra. Ciallaíonn an fógra seo, le 3 X, barr an tseomra. Sin bun an tseomra.<br>Ar dtús, suígí síos ag an túsphointe ag bun an tseomra<br>Rithigí ar aghaidh go barr an tseomra, siúlaigí siar go dtí an túsphointe ag bun an tseomra<br>Léimigí ar aghaidh go barr an tseomra, rithigí siar go dtí an túsphointe ag bun an tseomra<br>Ordóga suas/ordóga síos<br>Siúlaigí, Rithigí, Léimigí...timpeall an halla/go mall/níos moille<br>Bígí ag scipeáil<br>Ar chlé, ar dheis, ar aghaidh, ar bharr an tseomra<br>Ar aghaidh! Siar!<br>Stopaigí<br>Go tapa, go mall<br>Cad é? Is béar é, Is cearc í, Is madra é, Is bóín Dé í, Is capall é.<br>Siúlaigí mar seo<br>Reoite! mar seo.<br>Gluais/Gluaisigí ar nós ...beár, capall, cearc, madra srl..<br>Féach ar an gcón, spota, mála pónaire/bpónaireán seo-cén dath atá air? Tá sé dearg ... Abair é! Tá sé buí...Abair é!"<br>Cad é? Cén dath atá air?<br>An bhfuil sé gorm/buí/dearg?<br>"Dearg ..... rithigí ar chlé", "Gorm ... rithigí ar dheis". Abair "dearg –<br>Oráiste – Rithigí chun tosaigh.<br>An féidir leat rith go dtí an spota dearg? An féidir leat siúl go dti an spota gorm?<br>Seo é an príomhchárta/ Seo mo chárta mór / Seo na cártaí rialúcháin<br>Cad é/í seo? Is madra é, Is cearc í....<br>Anois a phaistí, táimid chun cluiche a imirt.. Tá pictiúir cosúil leis na cinn seo i bhfolach faoi na cóin seo. Féach ormsa anois. Tá mo chárta rialúcháin agam agus siúlfaidh mé amach go dtí an chéad chón.<br>Piocfaidh mé suas é agus ó, féach, tá pictiúr anseo.<br>Cad í seo? Is cearc í agus tá crián ann freisin. Féachfaidh mé ar mo chárta rialúcháin agus cá bhfuil an chearc anseo? Ó féach, tá sé agam, agus tá bosca anseo faoi. Cuirfidh mé dath sa bhosca sin leis an gcrián atá faoin gcón. Piocfaidh mé suas an crián agus cuirfidh mé dath ar an mbosca agus cuirfidh mé an crián ar ais ansin. Anois a phaistí, seasaigí i mbeirteanna. Beidh x ag<br>obair le y.... Caithfidh sibhse an taobh seo den halla a úsáid leis na cóin seo agus beidh sibhse ag an taobh seo.<br>Féachaigí ar bhur gcartaí, tá na pictiúir ann agus tá bosca faoi gach ceann acu<br>Anois, caithfidh sibh dul go dtí gach cón, ceann ar cheann agus na boscaí cearta a dhathú ar na cártaí. Faighigí an pictiúr<br>ceart agus dathaígí an bosca ceart. Siúlaigí ar ais go dtí an túsphointe nuair atá sibh críochnaithe.<br>Análaígí isteach/ Análaígí amach<br>Ionanálaígí/ Easanálaígí<br>Siúlaigí/Rithigí/Léimigí go dtí an cón/spota buí<br>Siúlaigí, Rithigí, Léimigí.....timpeall an halla/go mall/níos moille<br>Ar aghaidh libh/linn<br>Stopaigí<br>Go tapa, go mall<br>An maith leat corpoideachas? | Tá mé ag rith<br>Tá muid/Táimid ag rith, ag siúl, ag léim srl..<br>Is capall é, is béar é, is bóín Dé í, is madra é, is cearc í<br>Tá sé dearg/oráiste srl.<br>Níl sé dearg/oráiste srl.<br>Is féidir liom/Ní féidir liom/ linn<br>Is maith liom corpoideachas. |

Gníomhaíochtaí. Féach an PowerPoint le haghaidh tuilleadh treorach.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

**Trealamh: Teilifís Chliste, PowerPoint (Ceacht 1) - Suíomh: Seomra Ranga**

Tasc 1: Moltar am a chaitheamh ar mhúineadh na ndánta agus na rannta roimh thús na gceachtanna FCÁT (Féach Sleamhnán 3). Ní gá gach aon dán a dhéanamh in aon seachtain amháin.

Tasc 2: Múin na dathanna (Féach Sleamhnáin 4-16) Bain úsáid as athrá, íomhánna, na sleamhnáin agus Cluiche Kim chun na dathanna a mhúineadh.

Tasc 3: Múin na hainmhithe (Féach Sleamhnáin 19-33) Bain úsáid as geaitsí, athrá, íomhánna, na sleamhnáin agus Cluiche Kim chun na hainmhithe a mhúineadh.

Tasc 4: Múin 'barr' agus 'bun' (Féach Sleamhnáin 34) Bain úsáid as geaitsí, athrá, íomhánna, na sleamhnáin agus an Lánfhreagairt Ghníomhach chun na treonna a mhúineadh.

**Suíomh: Halla Spóirt/Clós na Scoile - Trealamh: Málaí pónairí, Cóin**

Tasc 5 (Sleamhnán 35-36): Lean na treoracha. Mínigh go gciallaíonn XXX barr an tseomra. Cuir an comhartha XXX ag barr an tseomra. Cuir na páistí ina suí ag bun an tseomra. Iarr ar na paistí siúl leat go barr an tseomra agus siúl ar ais go dtí an túsphointe ag bun an tseomra. Úsáid na téarmaí ar aghaidh agus siar. Tabhair treoracha éagsúla ag na páistí. Mar shampla 'Rithigí ar aghaidh go barr an tseomra, siúlaigí siar go dtí an túsphointe ag bun an tseomra./ Léimigí ar aghaidh go barr an tseomra, rithigí siar go dtí an túsphointe ag bun an tseomra'

Tasc 6: (Sleamhnáin 37-44)

Eachtra Safari (Céim 1) Bainfear úsáid as an rann a múineadh sa seomra ranga. Céim 1: Cuir na páistí ina seasamh os comhair an mhúinteora san halla. Cinntigh go bhfuil spás eatarthu chun gluaiseacht. Taispeáin pictiúir de na hainmhithe agus iarr ar na páistí an teanga cuí a athrá, mar shampla "Is capall é! Gluais ar nós capaill!" Tabhair deis do na páistí gluaiseacht ar nós capaill. Abair véarsa ón rann "Is capall é". Bain úsáid as an gcur chuige céanna leis na hainmhithe eile m.sh. madra, bóín Dé, cearc agus béar.

Eachtra Safari (Céim 2): Cuir na páistí ar thaobh amháin den halla. Ar chomhartha m.sh. feadóg, cuir na páistí ag siúl timpeall an halla leo féin – "Siúlaigí mar seo". Séid an fheadóg arís agus abair leis na páistí a bheith reoite "Reoite!. mar seo".

Abair "Gluais ar nós capaill!" Tosaigh ag gluaiseacht ar nós capaill go dtí an taobh eile den halla. Nuair a shroicheann na páistí an taobh eile den halla, cuir iad ag siúl arís "Siúlaigí!" Séid an fheadóg arís agus lean ar aghaidh le treoir eile m.sh. "Gluais ar nós madra!" srl.

Eachtra Safari (Céim 3): Imir an cluiche céanna le treoracha eile m.sh. "Rithigí ... Léimigí Bígí ag scipeáil ... timpeall an halla/go mall/níos moille!" Déan na treoracha a léiriú do na páistí i gcónaí. Is féidir páistí a chur ag gluaiseacht ar nós ainmhithe eile m.sh. zú, feirm, peataí srl.

Tasc 7: (Sleamhnáin 45-48)

Cluiche Teanga: An bhfuil sé? Céim 1: Léirigh na dathanna dearg, oráiste, buí, glas agus gorm le fíor rudaí m.sh. cóin, spotaí, pónaireáin srl. Lorg athrá m.sh. "Tá sé dearg ... Abair é! Cuir na spotaí nó cóin i mála nó i mbosca agus tóg ceann amháin amach agus cuir an cheist "Cén dath atá air?" Lorg freagra ó na páistí agus déan neart athrá. Taispeáin rud dearg agus abair "An bhfuil sé gorm?" Léirigh ordóg suas agus ordóg síos; Abair "níl sé gorm" le hordóg síos. Déan neart samplaí mar seo.

Cluiche Teanga: An bhfuil sé? Céim 2: Seas os comhair an ranga, léirigh agus abair "ar dheis" agus "ar chlé" cúpla uair. Lorg athrá ó na páistí – Is féidir leat póstaeir/lipéid a bheith agat chun é seo a thaispeáint (féach Sleamhnán XXX). Léirigh agus abair "rithigí ar dheis" cúpla uair. Déan an gníomh seo leis na páistí. Ansin léirigh agus abair "siúlaigí ar chlé" cúpla uair. Déan é seo leis na páistí freisin. Déan neart samplaí eile m.sh. "léimigí ar dheis", "rithigí ar chlé". Tabhair deis do na páistí neart cleachtaidh a dhéanamh.

Cluiche Teanga: An bhfuil sé? Céim 3: Leag amach cón/spota dearg ar chlé agus cón/spota gorm ar dheis. Léirigh agus abair "Dearg ..... rithigí ar chlé", "Gorm ... rithigí ar dheis". Abair "dearg – rithigí". Féach an leanann na páistí an treoir. Is féidir na trí dhath eile a úsáid – oráiste, buí agus glas. Freisin, is féidir spota oráiste a chur chun tosaigh agus a rá le mím "Oráiste – Rithigí chun tosaigh".

Forbairt/Difreálú: Cuir na spotaí in áiteanna difriúla san halla m.sh. barr, bun, lár agus cúinní an halla. Cuir ceist le mím. "An féidir leat rith go dtí an spota dearg?" Déan an gníomh agus abair "Is féidir liom. Tá mé ag rith." Spreag na páistí chun rith go dtí an spota dearg agus lorg athrá. Cuir ceist eile "An féidir leat siúl go dtí an spota gorm?" Déan mím agus abair "Is féidir liom. Tá mé ag siúl." Lean ar aghaidh le ceisteanna, mím, gníomh agus athrá mar seo.

Tasc 7: (Sleamhnáin 49-53) Cártaí Rialacháin: Taispeáin na cártaí rialúcháin (cárta an pháiste) do na páistí – Taispeáin an príomhchárta (cárta an mhúinteora) don rang. (Is féidir leat é seo a phriontáil mar phóstaer). Léirigh na pictiúir do na páistí agus labhair fúthu. Ainmnigh na hainmhithe. Ansin míneoidh tú an ghníomhaíocht do na daltaí trí na gníomhaíochtaí a dhéanamh tú féin. Siúil chuig an chéad chón. Léirigh do na páistí conas breathnú faoin gcón agus an t-ainmhí a aimsiú. Anois taispeáin an pictiúr den ainmhí céanna ar an gcárta rialúcháin agus taispeáin an bosca folamh faoi. Tá ainmhí ar an bpictiúr. Léirigh do na páistí conas an bosca sin a dhathú leis an gcrián agus conas an crián a chur ar ais ar an gcón. Déan na treoracha a léiriú arís agus arís eile go dtí go bhfuil tuiscint ag na páistí. Déan an rud céanna le cón/ainmhí eile agus béim ar leith ar an teanga a bheidh in úsáid ag na páistí. Cuir na páistí ag obair i mbeirteanna le leath den rang ag obair ar gach taobh. Tabhair cárta rialúcháin do gach páiste. Abair leo dul chuig gach cón ceann ar cheann agus na boscaí cearta a dhathú ar na cártaí rialúcháin.

Tasc 8:(Sleamhnán 54) Seal Fuaraithe – · Scaip na spotaí de dhathanna difriúla timpeall an halla. Abair m.sh. "Rithigí go dtí an cón/spota buí" nó "Léimigí go dtí an cón/spota oráiste". Léirigh do na páistí conas bogshodar a dhéanamh thart timpeall ag éirí níos moille ó bhogshodar go siúl is ó shiúl go seasamh. Abair "Rithigí go mall", "Siúlaigí níos moille". Léirigh do na páistí conas análú isteach go mall agus na lámha sínte amach thuas agus análú amach go mall fad is a n-íslíonn siad na lámha. Abair "Análaígí isteach" agus "Análaígí amach".

**Suíomh: Seomra Ranga - Trealamh: Teilifís chliste, PowerPoint (ceacht 1), Scéalta ar líne.**

Tasc 9: (Sleamhnán 55) Athneartú: Is féidir athneartú a dhéanamh ar theanga nua an cheachta seo ag baint úsáide as na straitéisí ceanna – rann, amhrán, dán agus cluiche teana arís agus arís eile.
Is féidir na scéalta thíos a léamh agus a athléamh i rith na seachtaine: An Tusa mo Mhamaí, Is Maith Liom – nascanna ar na Sleamhnáin.